# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Apostolos TZITZIKOSTAS

## Iompar Inbhuanaithe agus an Turasóireacht

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Is Gobharnóir Réigiúnach mé, is iar-Fheisire Parlaiminte mé, is iar-Uachtarán mé, agus faoi láthair is mé an chéad Leas-Uachtarán ar Choiste Eorpach na Réigiún. Thar aon ní eile, seasaim go daingean diongbháilte leis an Eoraip.

Is mór an onóir dom a bheith freagrach as sainchúraimí an iompair inbhuanaithe agus na turasóireachta. Faoi na sainchúraimí sin, tugtar dá earnáil níos dlúithe le chéile – dhá earnáil a bhfuil sineirgí móra acu agus a bhfuil dúshláin den chineál céanna rompu chomh maith agus iad ag dul i dtreo todhchaí atá níos inbhuanaithe agus níos rathúla.

Le linn dom a bheith i mo Ghobharnóir ar Réigiún na Macadóine Láir sa Ghréig, chuir mé claochlú na soghluaisteachta uirbí chun cinn i gcathair Thessaloniki agus, dá réir sin, tá an córas iompair níos glaise, níos cliste agus níos inacmhainne. Chuir mé beartais ar leith chun feidhme chun astaíochtaí ó fheithiclí a laghdú i mo réigiún féin trí úsáid feithiclí leictreacha a chothú agus tríd an tsoghluaisteacht ghníomhach a spreagadh, lena n-áirítear trí stáisiúin luchtaithe leictreacha nua a chur ar bun agus tríd an líonra lánaí rothaíochta a leathnú. Thairis sin, bhainistigh mé cistí Eorpacha chun an bonneagar córais iompair a uasghrádú d’fhonn ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a nascadh le chéile agus an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Rinne mé éifeacht le mo réigiún féin a chur chun cinn freisin mar cheann scríbe turasóireachta den scoth sa Ghréig agus thug mé tacaíocht do thionscadail arb é is aidhm dóibh infheistiú sa turasóireacht inbhuanaithe an tráth céanna. Ina theannta sin, i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha eile, bhunaíomar naisc nua mhuirí agus eitlíochta, rud a chuireann nascacht réigiúnach agus for-rochtain chun cinn. Ag an am céanna, i ngeall ar an taithí a fuair mé i gCoiste Eorpach na Réigiún, táim muiníneach go ndéanfaidh mé obair éifeachtach chun an bhearna idir na húdaráis Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha a dhúnadh ar mhaithe le córas iompair cliste inbhuanaithe sábháilte a chur i bhfeidhm, sin córas a riarann do gach saoránach agus a nascann le chéile iad agus a dhéanann deimhin de go mbeidh an tAontas Eorpach fós ina cheann scríbe turasóireachta den scoth. Ag feidhmiú dom mar Uachtarán ar Choiste Eorpach na Réigiún, chothaigh mé comhar níos láidre le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach, agus d’oibrigh mé taobh le taobh le ceannairí áitiúla agus réigiúnacha eile agus leis na hinstitiúidí Eorpacha eile. Is amhlaidh is mó a thuig mé gur mó is féidir linn a bhaint amach nuair a sheasaimid le chéile.

A bhuí leis an taithí a fuair mé roimhe seo, is maith is eol dom a ríthábhachtaí atá an dá earnáil don Aontas seo againne. Chonaic mé le mo shúile féin na dúshláin ón bhfíorshaol atá rompu. Is eol dom a thábhachtaí atá an t-iompar do réigiúin iargúlta an Aontais agus don dáimh atá ag pobal na réigiún sin leis an Aontas Eorpach. Chonaic mé freisin an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar an turasóireacht, agus ar ár saoránaigh agus ar ár ngnólachtaí i gcoitinne. Is ollmhór an acmhainneacht atá ag an dá earnáil maidir lenár rathúnas méadaithe a bhaint amach, le rath a bheith ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach a bhaineann leo, agus lenár gcáilíocht saoil a chothú. An

taithí a fuair mé roimhe seo agus an obair a rinne mé ar an talamh, cuideoidh sé liom freagairtí beartais a cheapadh a chuirfidh saoránaigh i lár an aonaigh agus ár gcuid iarrachtaí á gcur i gcrích.

Leagadh amach i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí von der Leyen plean nua chun go mbeadh rathúnas agus iomaíochas na hEorpa inbhuanaithe. Ba mhian liom go mbeadh ról lárnach ag iompar agus ag an turasóireacht, agus ag éiceachórais na n-earnálacha chomh maith, sa phlean seo chun bheith ina gcuid den aistriú glas agus den aistriú digiteach araon. Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall iompar agus turasóireacht an Aontais a dhéanamh níos iomaíche, níos inbhuanaithe agus níos athléimní. Oibreoidh mé gan stad gan staonadh chun an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus Clár Oibre AE 2030 don Turasóireacht a chur chun feidhme ina n-iomláine agus an dá cheann acu a tabhairt ar aghaidh.

Agus an cúram seo á chur díom, tabharfaidh mé aird iomlán ar thacaíocht a thabhairt dár ngnólachtaí agus do na Ballstáit chun an straitéis agus an clár a chur chun feidhme. Oibreoidh mé chun an margadh aonair iompair a threisiú agus Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe a chur le chéile, chun an t-aistriú chuig réitigh iompair inbhuanaithe a éascú. Tacóidh mé leis an mbonneagar iompair tras-Eorpach a leathadh amach agus, an tráth céanna, an tairbhe is mó is féidir á baint as uirlisí digiteacha, as teicneolaíocht nua agus as an nuálaíocht. Déanfaidh mé gach iarracht freisin an áit atá ag an Eoraip ina príomhcheann scríbe do thurasóirí a choinneáil, agus a áirithiú go mbeidh an earnáil inbhuanaithe, athléimneach agus iomaíoch.

Oibreoidh mé faoi threoir an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe, agus comhoibreoidh mé le Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin agus le Coimisinéirí ábhartha eile chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hiomaíochas iompair agus turasóireachta na hEorpa.

Aithním nach bhfuil an lucht saothair san earnáil iompair éagsúil a ndóthain. Is é fírinne an scéil go bhfuil an earnáil fós ar cheann de na hearnálacha inar mó fear atá ag obair inti. Ag an am céanna, tá an lucht saothair san earnáil iompair ag dul in aois go tapa agus, dá réir sin, is amhlaidh is práinní atá sé linn tallainne níos éagsúla a mhealladh isteach san earnáil. Táim tiomanta a áirithiú go ndéanfar an comhionannas a phríomhshruthú sa bheartas iompair, go háirithe maidir le haois agus le hinscne, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá roimh an earnáil iompair, lena n-áirítear ganntanas foirne agus an gá atá le hoibrithe a gcuid scileanna a thabhairt cothrom le dáta agus scileanna nua a fhoghlaim chun bheith ullmhaithe don chlaochlú teicneolaíochta agus don uathoibriú agus don digiteáil leanúnach san áireamh.

Go sonrach, beidh mé ar theann mo dhíchill ag tacú le 'Mná in Earnáil an Iompair – Ardán an Aontais le haghaidh Athrú' agus leis an líonra Ambasadóirí um Éagsúlacht san Iompar. Ina theannta sin, té sé de rún agam freisin dul i mbun idirphlé tráthrialta le daoine óga faoina gcuid mianta agus faoi na dúshláin a fheiceann siad atá rompu ó thaobh poist san earnáil iompair agus tá sé de rún agam tuiscint níos fearr a fháil faoin méid a bhfuil siad ag tnúth leis sa todhchaí agus faoina n-ábhar imní. Dá bhrí sin, táim ag tnúth le hIdirphlé Óige a eagrú gan mhoill sna chéad 100 lá den sainordú.

Tuigim go huile is go hiomlán na hoibleagáidí a leagtar amach sna Conarthaí (Airteagal 17(3) CAE, Airteagail 245 agus 339 CFAE) agus deimhním go bhfuil mé tiomanta lánurraim a thabhairt do na hoibleagáidí sin, lena n-áirítear na caighdeáin eiticiúla is airde a chomhlíonadh agus an Cód Iompair do Choimisinéirí a urramú. Tá mo Dhearbhú Leasanna mar a fhoráiltear leis an gCód Iompair do Choimisinéirí líonta isteach agus tá sé ar fáil go poiblí agus tabharfar cothrom le dáta é mar is ábhartha.

Geallaim aon phost nó aon staid a sheachaint a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar mo neamhspleáchas, ar mo neamhchlaontacht agus ar m'infhaighteacht don Choimisiún. Geallaim go gcuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas faoi aon chás a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis agus mo chuid dualgas oifigiúil á gcomhlíonadh agam.

Geallaim freisin go gcomhlíonfaidh mé aon oibleagáid trédhearcachta, mar a leagtar amach sa Chód Iompair, a mhéid a bhaineann le gan bualadh ach leis na heagraíochtaí sin nó leis na daoine aonair féinfhostaithe sin atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt go gcuirfidh tú an Pharlaimint ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, glacfaidh mé an fhreagracht pholaitiúil iomlán as na gníomhaíochtaí sa réimse iompair inbhuanaithe agus turasóireachta, mar a leagadh amach iad sa Litir Mhisin a cuireadh chugam an 17 Meán Fómhair. Cuirfidh mé mo chuid cúraimí i gcrích i gcomhar iomlán le comhaltaí eile de Choláiste na gCoimisinéirí agus i gcomhréir leis na modhanna oibre a leag an tUachtarán amach, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na coláisteachta. Beidh mé ag obair i ndlúthpháirt le mo chomhghleacaithe chun tionscnaimh bheartais a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme, ar tionscnaimh bheartais iad atá riachtanach do chomhlíonadh threoirlínte polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa i mí Iúil.

I ndáil le dea-fheidhmiú éifeachtach chóras institiúideach an Aontais Eorpaigh, agus le héifeachtúlacht agus dlisteanacht chinnteoireacht an Aontais, creidim go bhfuil an comhar idirinstitiúideach i gcroílár an dá ghné sin. Bunphrionsabail, cuir i gcás oscailteacht, muinín fhrithpháirteach, éifeachtúlacht, agus malartú faisnéise tráthrialta, treoróidh siad mé agus spreagfaidh siad mé le gníomhú sa réimse seo. Tacóidh mé le forálacha Chreat-Chomhaontú 2010 agus le forálacha Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus tabharfaidh mé lánurraim dóibh. Is eol dom nach mór caitheamh go cothrom le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle mar chomhreachtóirí.

Táim lántiomanta a áirithiú go mbeidh aon chaidreamh a bheidh agam le Parlaimint na hEorpa oscailte, trédhearcach agus cuiditheach. Is mian liom caidreamh a chothú atá bunaithe ar an muinín fhrithpháirteach. Beidh mé ar fáil páirt a ghlacadh i ngach cruinniú coiste ábhartha, i ngach cruinniú tríthaobhach, agus i ngach idirphlé sna cruinnithe iomlánaíocha atá ábhartha do mo shainchúraimí. Oibreoidh mé leis an bParlaimint agus leis na coistí ábhartha ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas agus den idirphlé polaitiúil araon. Nuair is gá, beidh mé rannpháirteach in imeachtaí a bhaineann le rúin faoi Airteagal 225 CFAE.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cothóidh mé caidreamh dearfach leis an gCoiste um Iompar agus um an Turasóireacht (TRAN), leis an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus le coistí eile lena mbaineann agus áiritheoidh mé go mbeidh sreabhadh rialta faisnéise eadrainn. Is tábhachtach liom freisin cumarsáid dhíreach thráthrialta thrédhearcach a dhéanamh le comhaltaí an choiste. Beidh mé ar fáil le freastal ar chruinnithe déthaobhacha nuair is gá. Áiritheoidh mé go dtabharfar freagraí feasacha tráthúla ar cheisteanna a chuirfidh feisirí Pharlaimint na hEorpa faoi bhráid an Choimisiúin i dtaca le réimsí nó le hábhair atá faoi mo chúram. Beidh mé réidh le teacht os comhair sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa agus os comhair a coistí de réir mar is gá.

Ar an gcaoi chéanna, táim lántiomanta a áirithiú go dtugtar eolas maith do Parlaimint na hEorpa faoi na céimeanna tábhachtacha d'aon chaibidlíocht idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann i réimsí faoi mo chúram, agus faoi imeachtaí móra eile chomh maith.

Táim lántiomanta – i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle – an próiseas reachtaíochta a dhéanamh níos trédhearcaí. Cuirfidh mé na forálacha maidir le trédhearcacht chun feidhme, lena n-áirítear na forálacha sin maidir leis an gcleachtadh clársceidealaithe ilbhliantúil ag tús an téarma oifige, mar a leagtar amach sa Chreat-Chomhaontú agus sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Ina theannta sin, comhlíonfaidh mé ardchaighdeáin trédhearcachta an Choimisiúin maidir le cruinnithe le hionadaithe sainleasa. Geallaim go gcuirfidh mé an clár oibre um rialáil níos fearr chun feidhme agus geallaim a áirithiú gur ar chomhairliúcháin le saineolaithe agus leis an bpobal a mbeidh na tograí beartais faoi mo chúram bunaithe. Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall teacht ar bhealaí úra agus ar smaointe úra chun guth níos láidre a thabhairt do shaoránaigh agus do shochaithe sibhialta den Aontas Eorpach, go háirithe do dhaoine óga. Ní mór an daonlathas rannpháirteach a chur chun cinn chun go mbeidh eolas ceart cuí ag na saoránaigh faoin gceapadh beartais agus chun go mbeidh siad rannpháirteach sa cheapadh beartais sin. Déanfaidh mé an bhréagaisnéis a chomhrac go gníomhach agus déanfaidh mé gach iarracht cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go tráthúil faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, chomh maith le héisteacht go cúramach le hábhar imní na saoránach sin lena mbaineann an bhréagaisnéis.

Ar an gcaoi chéanna, geallaim a áirithiú freisin go mbeidh an caidreamh le hArd-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair agus le ranna eile de chuid an Choimisiúin bunaithe ar dhílseacht, ar mhuinín, ar thrédhearcacht, ar shreabhadh faisnéise déthreo agus ar chúnamh frithpháirteach.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Iompar agus um an Turasóireacht</u>

*3. Chuir an tUachtarán von der Leyen de chúram ar an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht a bheidh ann amach anseo ina litir mhisin 'iompar Eorpach a dhéanamh níos iomaíche, níos inbhuanaithe agus níos frithsheasmhaí in aghaidh suaití amach anseo agus a chinntiú go mbeidh an t-iompar sábháilte, inrochtana agus inacmhainne do shaoránaigh uile an Aontais'. Cén straitéis agus cé na tosaíochtaí a bheadh agat, ó thaobh reachtaíocht nithiúil de freisin, chun an cúram sin a chur i gcrích agus cén t-amchlár a bheadh i gceist? Cad iad na dúshláin is práinní, dar leat, agus cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat aghaidh a thabhairt orthu?*

Tá an t-iompar ríthábhachtach le gur féidir geilleagar na hEorpa agus an Margadh Aonair a bheith iomaíoch. Sin an léamh atá agam ar chúrsaí: ní hamháin gur earnáil eacnamaíoch thábhachtach é an t-iompar ann féin ach, thairis sin, tá an t-iompar ríthábhachtach chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile a spreagadh, go háirithe an turasóireacht. Ag an am céanna, tá an earnáil iompair ríthábhachtach chun ár spriocanna aeráide le haghaidh 2030 agus aeráidneodracht faoi 2050 a bhaint amach. Dá bhrí sin, is ríléir nach féidir tabhairt faoin mbeartas iompair gan réimsí eile a chur san áireamh agus níor cheart tabhairt faoin mbeart iompair gan aird a thabhairt orthu. I gcomhréir leis an misean a chuir an tUachtarán toghaí Ursula von der Leyen de chúram orm, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe agus le gach comhalta eile de Choláiste na gCoimisinéirí chun a áirithiú go gceapfar ár mbeartais ar dhóigh sheasmhach agus go mbainfidh siad an tairbhe is mó is féidir as an iompar agus as an earnáil soghluaisteachta chun ár spriocanna a bhaint amach, is iad sin iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht gheilleagair an Aontais Eorpaigh.

Creidim gur leagadh síos leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste a ghlac an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2020 plean uaillmhianach i leith bheartas iompair an Aontais agus go mbeidh an straitéis fós bailí den chuid is mó i leith na mblianta atá le teacht. Trí cholún na straitéise, mar atá an t-aistriú chuig an tsoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, nascacht gan uaim atá éifeachtúil agus slán a bhaint amach agus Limistéar Iompair Eorpach Aonair is athléimní fós a chruthú, tá siad ag teacht leis an bhfís atá agamsa i leith thodhchaí an Iompair Eorpaigh. Tá sé ar intinn agam leanúint den obair atá tosaithe cheana féin agus dlús a chur le gníomhaíochtaí tosaíochta an Choimisiúin i leith an iompair inbhuanaithe agus na turasóireachta.

Tabharfaidh mé tús aite do bheith ag obair i dtreo córais iompair a bheidh in ann tacú le hiomaíochas ár ngnólachtaí agus le nascacht ár saoránach, agus an aeráid agus an comhshaol á n-urramú san am céanna. Ní féidir an sprioc sin a bhaint amach ach trí iarracht a dhéanamh go leanúnach aistriú glas agus aistriú digiteach araon na hearnála a thabhairt chun críche, an nuálaíocht cheannródaíoch a shaothrú, agus a áirithiú go bhfuil iompar san Eoraip sábháilte, inrochtana agus inacmhainne agus go mbeidh sé fós amhlaidh. Ag an am céanna, ní mór earnáil iompair an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear a éiceachórais thionsclaíocha, a bheith in ann dul san iomaíocht ar fud an domhain, teacht roimh aon chineál suaite eisiginigh agus ullmhú dó, agus a bheith ábalta teacht slán as aon chur isteach go pras. Is é atá i gceist leo sin tubaistí nádúrtha, teannas geopholaitiúil nó cur isteach is leithne fós ar an ngeilleagar amhail an cur isteach a chonaiceamar le linn phaindéim COVID-19. Ní mór don earnáil tacú le cosaint agus slándáil na hEorpa chomh maith, tríd an tsoghluaisteacht mhíleata fheabhsaithe i measc nithe eile.

Tá an iomad dúshlán amach romhainn mar a thug Mario Draghi agus Enrico Letta chun suntais. Tá idir riachtanais ollmhóra infheistíochta agus ilroinnt rialála i gceist leo, idir ghanntanas lucht saothair agus ghanntanas scileanna agus éagothroime iomaíochta le tríú tíortha.

I dtosach báire, gníomhóidh mé chun tacú lenár n-earnáil san aistriú chuig na spriocanna digiteacha inbhuanaithe atá againn agus chun bacainní a bhaint chun feabhas a chur ar iomaíocht na hearnála. I gcomhréir leis an meon sin, tá sé beartaithe agam Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe a thíolacadh chun cur le hinfheistíochtaí i réitigh dícharbónaithe iompair a mhéadú agus tosaíocht a thabhairt dóibh, agus forbróidh mé plean gníomhaíochta tionsclaíoch de chuid an Aontais le haghaidh na hearnála mótarfheithiclí agus straitéis mhuirí thionsclaíoch nua. Tá na tionscnaimh sin ríthábhachtach chun an buntáiste iomaíoch atá ag ár n-éiceachóras tionsclaíoch a choinneáil ar bun. Cuirfidh mé plean tiomnaithe i láthair freisin chun cabhrú le príomhchathracha an Aontais agus cathracha móra a nascadh le chéile le hiarnróid ardluais, lena n-áirítear traenacha oíche. Chun tacú níos mó leis an aistriú módach agus chun taisteal trasteorann a chur chun cinn, molfaidh mé Rialachán maidir le Córas Aonair le haghaidh Áirithintí Digiteacha agus Ticéid Dhigiteacha i ndáil leis an iarnród, lena gcomhlánófar agus lena

bhfeabhsófar na hoibleagáidí atá ann cheana féin sa réimse sin, chomh maith le tionscnamh maidir le seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha chun é a dhéanamh níos éasca dár saoránaigh modhanna taistil eile atá níos inbhuanaithe a roghnú. Ina theannta sin, déanfaidh mé comhordú ar Straitéis AE chuimsitheach um Chalafoirt a ullmhú chun feabhas a chur ar shlándáil, ar inbhuanaitheacht agus ar iomaíochas chalafoirt an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán agus má aontaíonn an chuid eile de Choláiste na gCoimisinéirí leis, cuirfidh mé romham na tionscnaimh sin a chur chun cinn a luaithe is féidir le linn mo théarma sainordaithe.

Sa dara háit, tabharfaidh mé tús áite i mo chuid oibre d'fheabhas a chur ar shábháilteacht an iompair. Ní mór dúinn ár bpaisinéirí agus ár n-oibrithe iompair a chosaint trí chaighdeáin sábháilteachta iompair an Aontais a chur chun feidhme ina n-iomláine ar fud an Aontais agus ar fud na modhanna iompair, trí fheabhas a chur ar na huirlisí atá ar fáil dúinn chun tacú le maoirseacht na gcomhlachtaí sábháilteachta náisiúnta agus chun í a neartú, agus trí thacú le teicneolaíochtaí cliste a leathadh amach agus le feabhsuithe ar an mbonneagar lenar féidir ár gcórais iompair a dhéanamh níos sábháilte. Tá sé ar intinn agam an pacáiste ródacmhainneachta a chur i láthair go luath i mo théarma sainordaithe, feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn córais sábháilteachta ríthábhachtacha agus córais rialaithe astaíochtaí i bhfeithiclí agus aghaidh a thabhairt ar chalaois odaiméadair.

Sa tríú háit, díreoidh mé ar a áirithiú go ndéanfar corpas substaintiúil *acquis* an Aontais maidir le hiompar atá i bhfeidhm cheana féin a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach comhsheasmhach. I ndeireadh na dála, tá cuspóirí beartais ríthábhachtacha – idir iomaíocht chóir agus ardchaighdeáin shóisialta, chomhshaoil agus sábháilteachta agus chosaint éifeachtach do phaisinéirí – ag brath go hiomlán ar na rialacha comhaontaithe a bheith á gcur i bhfeidhm go hiomlán ar fud an Aontais seo againne. Gan fócas ar an gcur chun feidhme ná ar an bhforfheidhmiú, ní bheidh i margadh aonair ceart le haghaidh seirbhísí iompair ach mian gan fáil. Mar chuid den obair sin, éistfidh mé go cúramach le tuairimí na bpáirtithe leasmhara agus na n-údarás riaracháin uile lena mbaineann agus cuirfidh mé a dtaithí san áireamh, agus reáchtálfaidh mé idirphlé maidir le cur chun feidhme. Tuairisceoidh mé go rialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an ngníomhaíocht sin. Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall simpliú a chur chun cinn agus an t-ualach rialála ar ár ngnólachtaí agus ar ár riaracháin phoiblí a mhaolú i gcás inar féidir, lena n-áirítear an úsáid is fearr a bhaint as réitigh dhigiteacha.

Sa cheathrú háit, agus an comhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú go tapa le blianta beaga anuas, is mó a thuigeamar a thábhachtaí atá comharsanacht chobhsaí agus naisc láidre idirnáisiúnta. In éineacht leis an gCoimisinéir um Méadú, má dheimhnítear m'ainmniúchán, saothróidh mé clár oibre gníomhach um méadú chun lánpháirtiú na dtíortha is iarrthóirí i gcórais iompair an Aontais a thabhairt chun cinn. Tabharfaidh mé m'aird ar an ngréasán iompair tras-Eorpach (TEN-T) a leathnú, ar fheabhas a chur ar ár naisc fhisiceacha, agus tacú le hailíniú na n-iarrthóirí le rialacha an Aontais. Ag deireadh an lae, beidh an t-iompar ríthábhachtach chun lánpháirtiú na dtíortha sin sa Mhargadh Aonair agus a gcomhtháthú a thabhairt chun críche. Oibreoidh mé i dtreo naisc agus comhar níos fearr lenár gcomhpháirtithe agus lenár gcomhghuaillithe idirnáisiúnta eile, chun bealaí lóistíochta éifeachtúla agus éifeachtacha a chruthú dár soláthairtí agus dár n-onnmhairí criticiúla, chomh maith le caighdeáin agus cleachtais an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain. Táim lánchinnte go bhfuil cuid mhór de na dúshláin atá amach romhainn nach féidir a réiteach ach amháin má théimid ag obair lasmuigh dár dteorainneacha. Dá bhrí sin, áiritheoidh mé go mbeidh ról ceannasach ag an Aontas i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha agus, i ndlúthchomhar lenár bpríomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta, cuirfimid na caighdeáin sábháilteachta, shóisialta agus chomhshaoil is airde atá againn chun cinn.

Oibreoidh mé freisin chun leasanna thionscal iompair na hEorpa agus a éiceachóras tionsclaíoch a chosaint, lena n-áirítear trí chomhaontuithe le tríú tíortha atá ar bun cheana féin (e.g. comhaontuithe aeriompair) a chur chun feidhme ar bhealach níos láidre agus trí chomhaontuithe agus comhpháirtíochtaí trádála nua a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a shaothrú.

Chun na spriocanna beartais sin a bhaint amach, rachaidh mé i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun an chaibidlíocht reachtach maidir leis na tionscnaimh atá fós ar feitheamh agus atá ríthábhachtach d'iomaíochas, do shábháilteacht agus d'inbhuanaitheacht ár n-earnála a thabhairt chun críche. Áirítear leis sin tionscnaimh atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ilroinnt rialála i Margadh Aonair an Aontais le haghaidh iompair, ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar shábháilteacht mhuirí a fheabhsú, agus ar daoine a dhreasú réitigh iompair inbhuanaithe a úsáid a thuilleadh.

Agus, an meall is mó ar deireadh, tá infheistíochtaí de dhíth ar an iompar san Eoraip ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Orthu sin tá an príomhchuspóir ár ngréasán TEN-T, is é sin ár gcnámh droma in earnáil an iompair, a thabhairt chun críche bonneagar an Aontais a dhéanamh níos athléimní i gcoinne tubaistí nádúrtha nó gníomhaíochtaí naimhdeacha agus rannchuidiú le cosaint agus slándáil na hEorpa trí ghníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata, réitigh nuálacha a úsáid agus ár bhflíteanna a nuachóiriú,

infheistíocht i mbreoslaí agus i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe a éascú chun an earnáil a dhícharbónú, agus ár soghluaisteacht i gcathracha a eagrú ar bhealach níos cliste.

*4. Cad iad na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas a spriocanna aeráide amach san iompar, ó thaobh reachtaíocht atá ann faoi láthair a chur chun feidhme agus/nó a oiriúnú agus reachtaíocht nua a mholadh, agus, ag an am céanna, cothrom iomaíochta do chuideachtaí iompair Eorpacha, iomaíochas earnáil iompair na hEorpa agus poist ardcháilíochta tharraingteacha san Eoraip a áirithiú?*

Meastar go mbeidh gá le laghdú 90 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus chun an sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáidtear san iompar a mhéadú go 94 %. I gcomhréir leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, oibreoidh mé chun na modhanna iompair uile a dhéanamh níos inbhuanaithe, chun rochtain na saoránach ar roghanna iompair agus soghluaisteachta inbhuanaithe atá ar fáil agus inacmhainne a mhéadú agus a éascú, agus chun na dreasachtaí cearta a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chuideachtaí ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin ábhartha chomh maith leis na gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Ghlan agus leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht chun ár gcuspóirí inbhuanaitheachta comhroinnte a bhaint amach, cuspóirí nach féidir a bhaint amach le héifeacht ach amháin trí dhul i ndlúthchomhar le chéile agus trínár réimsí beartais féin a chomhordú.

Tá an creat beartais ginearálta curtha i bhfeidhm cheana féin le linn théarma sainordaithe deireanach an Choimisiúin, agus tá súil agam go mbeidh na rialacha sin chomh hintuartha agus is gá do na páirtithe leasmhara uile chun gur féidir leo leanúint dá n-infheistíochtaí agus dá n-aistriú chuig réitigh níos glaine. Ag an am céanna, ní mór dúinn tuilleadh oibre a dhéanamh chun na dálaí cearta cumasúcháin a bhaint amach, ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Go sonrach, beidh orainn a áirithiú go mbeidh cuid mhór foinsí fuinnimh inbhuanaithe ar fáil agus inacmhainne do gach earnáil iompair. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé é sin freisin trí idirphlé rialta le páirtithe leasmhara chun plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun cur chun feidhme a ailíniú leis na fíordhálaí ar an láthair.

Chuige sin, ar an gcéad dul síos, tá sé i gceist agam Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe a chur ar aghaidh. Agus é ag cur leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, shainaithneodh an plean sin bearta chun tacú go héifeachtach leis an aistriú fuinnimh san iompar agus chun borradh a chur faoin infheistíocht i dtáirgeadh agus i soláthar breoslaí iompair inbhuanaithe san Eoraip, go háirithe i gcás na heitlíochta agus an iompair mhuirí, chomh maith le rochtain ar leictreachas le haghaidh an iompair. Déanfaidh mé faireachán cúramach agus measúnú cúramach ar an dul chun cinn i dtreo breoslaí eitlíochta agus muirí inbhuanaithe a úsáid ar bhealach comhaontaithe, ionas go mbainfidh ár rialacha a gcuspóirí amach, agus ní bheidh aon drogall orm coigeartuithe a d'fhéadfadh a dhéanamh a chur chun cinn, más gá.

Fadhb dhomhanda is ea an t-athrú aeráide agus teastaíonn réitigh dhomhanda lena aghaidh. I gcomhar leis na Ballstáit, beidh mé rannpháirteach san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) chun an bealach a réiteach do chlár oibre domhanda atá chomh huaillmhianach céanna. Tá sé sin ríthábhachtach freisin chun cothrom iomaíochta agus iomaíochas chuideachtaí eitlíochta agus muirí na hEorpa a oibríonn ar fud an domhain a áirithiú, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh i leith ár spriocanna inbhuanaitheachta iompair agus dícharbónaithe ar leibhéal domhanda (féach na freagraí a thug mé ar Cheist 6).

Ar an dara dul síos, chun cuidiú leis an iompar de bhóthar a chur ar chonair chobhsaí dhícharbónaithe, cuirfear bonneagar i leith athluchtú agus athbhreoslú so-úsáidte ar fud na hEorpa le chéile go tapa agus déanfaidh mé maoirseacht ar an obair sin, déanfaidh mé dlúthfhaireachán ar fhorbairtí sna Ballstáit agus ullmhóidh mé athbhreithniú ar an Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha faoi 2027 chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh. Oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht chun a áirithiú go ndéanfaimid earnáil an iompair a ailíniú le forbairt an bhonneagair fuinnimh a theastaíonn chun freastal ar an méadú a thiocfaidh amach anseo ar an éileamh ar leictreachas iompair, lena n-áirítear le haghaidh feithiclí tromshaothair. Tá sé i gceist agam freisin measúnú a dhéanamh ar conas is féidir aistriú níos tapúla chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear i bhflíteanna corparáideacha, cuir i gcás (féach freisin freagra ar Cheist ó Choiste ENVI).

Ag an am céanna, oibreoidh mé chun infheistíocht agus cur in úsáid bonneagair iarnróid agus seirbhísí iarnróid ardluais a mhéadú agus chun feabhas a chur ar eispéireas na bpaisinéirí trí áirithint agus ticéadú digiteach aonair ar fud na hEorpa d'fhonn níos mó úsáide a bhaint as an iarnród mar mhodh iompair inbhuanaithe agus é sin a chur chun cinn (féach an freagra a thug mé ar Cheist 3). Ag an am céanna, tacóidh mé le cathracha na hEorpa agus

Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe á n-ullmhú acu, lena gcuirtear iompar poiblí agus soghluaisteacht ghníomhach shábháilte ina gcroílár. Déanfaidh mé obair leantach freisin ar chur chun feidhme an Dearbhaithe Eorpaigh maidir le Rothaíocht agus cuirfidh mé tuarascáil mhionsonraithe amach an bhliain seo chugainn dá réir.

Oibreoidh mé freisin chun Margadh Aonair an Aontais le haghaidh an iompair a neartú, gréasán bonneagair iompair éifeachtúil a thógáil, agus réitigh nuálacha iompair a chur chun cinn (féach na freagraí a thug mé ar Cheisteanna 1 agus 4). Tá acmhainneacht mhór gan úsáid fós sna réimsí sin go léir, acmhainneacht lenarbh fhéidir cur le héifeachtúlacht agus le hacmhainneacht fáis don Aontas, ar féidir leo laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí ag an am céanna.

Tá iomaíochas chuideachtaí iompair na hEorpa ag brath ar phearsanra oilte a bheith ar fáil. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt go práinneach ar an nganntanas oibrithe atá ann faoi láthair san earnáil agus na dúshláin a fhreagairt a bhaineann le hathsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair. In 2024 glacadh moladh maidir leis na modhanna chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar atá ag an uathoibriú agus ag an gclaochlú digiteach ar lucht saothair na hearnála iompair. Oibreoidh mé le húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh na scileanna is gá ag an lucht saothair chun dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua agus don nuálaíocht i réimse na hinbhuanaitheachta agus i réimse na digiteála araon. Agus mé ag baint leas as an gComhshocrú um Scileanna, tacóidh mé le hobair na gcomhpháirtíochtaí mórscála ar mhaithe leis an teicneolaíocht fheithicleach, longthógála agus mhuirí, agus sin i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht.

Bealach ríthábhachtach eile chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas lucht saothair atá ann faoi láthair is ea feabhas a chur ar dhálaí oibre ár n-oibrithe iompair. Mar chomhlánú ar na tionscnaimh a chuirfidh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun cinn chun tacú le poist ardchaighdeáin, an Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán, mar shampla, cuirfidh mé leis na hiarrachtaí ar dhálaí oibre ár n-oibrithe iompair a fheabhsú go háirithe. Tá réimse leathan rialacha sóisialta ag an Aontas arb é is aidhm dóibh folláine ár dtiománaithe, ár gcriúnna agus baill foirne iompair eile a fheabhsú. Is é an tosaíocht a bheidh agam feabhas a chur ar chur chun feidhme na rialacha sin, cur chun feidhme atá fós míchothrom. Áirítear ar na príomhréimsí oibre sin cur chun feidhme rialacha chun dálaí oibre agus dálaí scíthe tiománaithe a fheabhsú, tacaíocht chun limistéir pháirceála a bheidh slán sábháilte a fhorbairt, chomh maith le gníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir le cearta lucht saothair agus cearta sóisialta agus oibleagáidí oibrithe (oibrithe taistil) agus saintréithe gach modha iompair á gcur san áireamh. Ní mór dúinn tuilleadh ban agus oibrithe óga a mhealladh chuig gairmeacha san earnáil iompair.

I gcás gach ceann de na hábhair thuas tá rud amháin soiléir: ní mór an t-aistriú chuig soghluaisteacht níos inbhuanaithe a bheith ag réiteach leis an nascacht agus leis an inacmhainneacht iompair is gá. Is ríthábhachtaí fós é ós rud é gurb é atá sna costais iompair ar an meán cheana féin 12.5 % de bhuiséad an teaghlaigh san Aontas. Chun dul i ngleic leis na tionchair dhiúltacha shóisialta, spreagfaidh mé na Ballstáit le riachtanais iompair agus soghluaisteachta a chur san áireamh mar is cuí agus a bpleananna aeráide sóisialta á gceapadh acu, agus tá sé beartaithe agam cabhrú leo trí mholtaí a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar ‘bhochtaineacht iompair’ agus í a chosc. Rannchuideoidh sé sin le hobair an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht, sin an obair ar an Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta.

*5. De réir thuarascáil Draghi, dá gcuirfí feabhas ar bhonneagar agus ar sheirbhísí, agus dá ndéanfaí bainistiú níos éifeachtaí ar iarnróid agus ar uiscebhealaí intíre, chruthófaí tuilleadh fáis, chabhrófaí le dul i ngleic le plódú agus d’fhreastalófaí ar éileamh atá ag dul i méid. Meastar go gcosnaíonn brú tráchta thart ar EUR 230 billiún in aghaidh na bliana ar an Aontas Eorpach. Ina theannta sin, tá ganntanas leanúnach oibrithe cáilithe faoi láthair sna modhanna iompair go léir. Cad iad na bearta atá i gceist agat a dhéanamh chun aistriú módach agus spriocanna ilmhódúlachta a bhaint amach, do phaisinéirí agus do lasta araon i gcomhréir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, agus chun dul i ngleic leis an nganntanas lucht saothair in earnáil an iompair? Sa chomhthéacs sin, conas a áiritheoidh tú go mbeidh iompar níos éifeachtaí d’iarnród agus d’uiscebhealaí intíre (go háirithe iompar nach bhfuil sa litir mhisin) fós ina chuid iomlán den straitéis sin? Chomh maith leis sin, ó thaobh ilmhódúlachta de, cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla reachtacha atá i gceist agat a dhéanamh chun iompar ilmhódach a dhéanamh níos éifeachtaí, níos inrochtana agus níos inacmhainne do shaoránaigh an Aontais? Cén amlíne atá i gceist?*

Sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, tá fís shoiléir le fáil i leith iompar a dhéanamh níos inbhuanaithe agus leagtar síos garspriocanna tábhachtacha a bhaineann leis an ngá atá le húsáid modhanna iompair níos inbhuanaithe a mhéadú, trácht iarnróid agus lasta iarnróid ardluais a ardú go suntasach, mar shampla, agus iompar ar uiscebhealaí intíre agus loingseoireacht ghearrthurais a mhéadú. Chun na

garspriocanna sin a bhaint amach, ní mór don Choimisiún, d'údaráis náisiúnta agus áitiúla chomh maith le páirtithe leasmhara eile níos mó a dhéanamh.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, is mian liom a áirithiú go nglacfaidh an Coimisiún ról ceannasach. Agus plean uaillmhianach á chur in áit tosaíochta dom, tá sé beartaithe agam é a ullmhú chun cabhrú le príomhchathracha agus cathracha móra an Aontais a nascadh le chéile le hiarnróid ardluais, trínár mbeartas TEN-T a chur chun feidhme go héifeachtach agus trí dhíriú ar an iliomad bacainní atá fós ann ar nascacht níos fearr a bheith ag na seirbhísí iarnróid Eorpacha uile le chéile, agus is é atá i gceist leis na bacainní sin easpa idir-inoibritheachta, mar shampla, comharthaíocht agus easpa úsáid leordhóthanach teicneolaíochtaí digiteacha eile. Rannchuideoidh na gníomhaíochtaí sin freisin le naisc fheabhsaithe, lena n-áirítear traenacha oíche agus lasta iarnróid níos nua-aimseartha agus níos solúbtha san áireamh ionas go ndéanfar freastal leordhóthanach ar réigiúin uile na hEorpa. Ós rud é go dteastaíonn tacaíocht ón iarnród - tacaíocht ó thionscal soláthair iarnróid atá éagsúil agus láidir agus tacaíocht ó lucht saothair inniúil, díreoidh chomh maith ar réitigh a chur chun cinn a mheastar a rannchuideoidh le dea-fheidhmiú chóras iarnróid na hEorpa.

Tá cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Cheathrú Pacáiste Iarnróid ríthábhachtach i gcónaí chun feabhas a chur ar an tairiscint seirbhíse iarnróid dár saoránaigh.

Mar a mhínítear thuas, tá sé i gceist agam freisin tionscnamh a sheoladh chun aghaidh a thabhairt ar thicéadú ilmhódach a luaithe is féidir, lena n-áirítear trí Rialachán maidir le Córas Aonair le haghaidh Áirithintí Digiteacha agus Ticéid Dhigiteacha faoi dheireadh 2025, na hoibleagáidí atá ann cheana féin sa réimse sin a chomhlánú agus a fheabhsú, agus trí thionscnamh seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha, chun go mbeidh sé níos éasca rochtain a fháil ar roghanna taistil d'iarnród agus chun cosaint paisinéirí a fheabhsú.

Thairis sin, is iad na príomhréimsí gníomhaíochta a bheidh ann feabhas a chur ar nascacht iarnróid trí uasghráduithe bonneagair agus naisc thrasteorann nua, agus an gréasán iarnróid a chomhtháthú le modhanna iompair eile ar bhealach níos fearr. Beidh sé tábhachtach freisin aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna reatha a bhaineann le scéim deimhniúcháin na dtiománaithe traenach (féach na freagraí a thug mé ar Cheist 2 faoi ghanntanas lucht saothair).

Ar mhaithe le hilmhódúlacht éifeachtach, níor cheart dearmad a dhéanamh ach oiread ar an ról tábhachtach atá ag modhanna iompair comhchoiteanna eile, mar shampla iompar poiblí, soghluaisteacht chomhroinnte agus cóistí agus ba cheart ar a n-aistriú chuig inbhuanaitheacht níos fearr a éascú. Úsáid agus cur chun feidhme éifeachtach Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe, infheistíochtaí i mbonneagar iompair uirbigh inbhuanaithe agus sábháilte, agus cur chun cinn modhanna iompair gníomhacha, beidh siad go léir ríthábhachtach chun ár gcóras iompair ilmhódaigh a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos éifeachtúla, agus chun brú tráchta ar bhóithre uirbeacha a mhaolú.

A mhéid a bhaineann le loingseoireacht intíre, díreoidh mé ar Phlean Gníomhaíochta Naiades III a chur chun feidhme chun cabhrú le níos mó earraí a aistriú chuig iompar ar uiscebhealaí intíre. Tabharfaidh mé aird ar leith ar inseoltacht leanúnach a áirithiú ar fud an ghréasáin, agus leanfaidh mé go dian dícheallach de shoithí agus calafoirt a dhéanamh saor ó astaíochtaí san earnáil. Ag an am céanna, oibreoidh mé chun réitigh dhigiteacha a chur chun cinn chun an éifeachtúlacht a mhéadú san earnáil agus chun an earnáil a chomhtháthú sa slabhra lóistíochta ar bhealach níos fearr. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go dtiocfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe.

Táim tiomanta iompar lasta idirmhódúil a mhéadú, lena gceanglaítear an fheidhmíocht chomhshaoil le héifeachtúlacht fuinnimh na n-iarnród, chomh maith leis an loingseoireacht ghearrthurais agus leis na huiscebhealaí intíre a cheangal de sholúbthacht an iompair de bhóthar. Is í an deighleog sin de mhargadh an iompair lasta an deighleog is mó a bhfuil gealladh fúithi agus is dinimiciúla. Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall teacht ar chomhaontú uaillmhianach maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte.

Díreoidh mé freisin ar iompar gan pháipéar – chun na bacainní ar iompar idirmhódúil a laghdú a thuilleadh agus chun nósanna imeachta riaracháin a shimpliú i réimsí eile, ar mhaithe le cuideachtaí agus saoránaigh araon. Comhlánóidh an obair sin na huirlisí atá ann cheana féin agus cuirfidh sí leo, uirlisí amhail faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (eFTI), agus an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe), a meastar, a luaithe a chuirfear chun feidhme go hiomlán iad, go gcuirfidh siad go mór le héifeachtúlacht an iompair lasta agus na hearnála lóistíochta.

Ina theannta sin, ní mór dúinn tomhaltóirí, a bhfuil méadú ag teacht faoin éileamh uathu ar thairgí agus seirbhísí níos glaine, a chumhachtú.. Sa chomhthéacs sin, táim ag brath ar an gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun teacht ar chomhaontú maidir leis an tionscnamh CountEmissionsEU atá beartaithe, lena bhféadfar creat coiteann a leagan síos chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ríomh. An scéim lipéadaithe atá ar na bacáin lena gcuirfear paisinéirí ar an eolas faoi fheidhmíocht chomhshaoil eitiltí - a eascraíonn as cur chun feidhme thionscnamh ReFuelEU Aviation - beidh sí úsáideach freisin i ndáil leis sin.

Mar a luaitear thuas, oibreoidh mé le húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun dlús a chur lena n-iarrachtaí d’fhonn a áirithiú go mbeidh na scileanna is gá ag an lucht saothair chun dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua agus don nuálaíocht i réimse na hinbhuanaitheachta agus i réimse na digiteála araon, agus mé ag obair leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht.

*6. Meastar go dtiocfaidh méadú bliantúil EUR 467 mbilliún ar OTI in 2050 mar gheall ar thabhairt chun críche ghréasán TEN-T, ach beidh thart ar EUR 845 bhilliún ag teastáil chuige sin agus, go dtí seo, níl aon phlean cuimsitheach curtha i láthair ag an gCoimisiún ná ag na Ballstáit chun an maoiniú is gá a fháil. Conas a d’áiritheofá go gcuirfí maoiniú leordhóthanach ar fáil chun gréasán TEN-T a chur chun feidhme, go háirithe faoi Rialachán SCE atá ar na bacáin agus sa chéad CAI eile? Conas is féidir leis an gCoimisiún infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus a mhealladh chun an bhearna a dhúnadh agus conas a mholfá borradh a chur faoi chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha?*

Is é an príomhchuspóir a bheidh agam feabhas a chur ar nascacht na hEorpa le linn mo théarma shainordaithe ar bhonn suntasach – laistigh den Aontas, lenár gcomharsana agus leis an gcuid eile den domhan araon. Tá an cuspóir sin ina bhonn taca ag Margadh Aonair feidhmiúil lena bhféadfar saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, paisinéirí agus oibrithe a bheith ann. Teastaíonn ó phaisinéirí, d’oibrithe agus d’earraí a bheith in ann gluaiseacht ar fud an Aontais chomh héasca céanna agus a ghluaiseann siad laistigh dá mBallstát.

Leis an Rialachán athbhreithnithe lena mbunaítear na treoirlínte maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T), leagtar síos an cuspóir an croíghréasán Eorpach iompair a thabhairt chun críche faoi 2030. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na 5 bliana amach romhainn ríthábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh i gcríochnú an chroíghréasáin agus chun a thaispeáint gur féidir linn é a chur ar fáil. I ndáil leis an méid sin, déanfaidh mé dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar fhorálacha eile an Rialacháin seo. Agus mé ag obair le comhordaitheoirí TEN-T, leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa dom, áiritheoidh mé go ndéanfar faireachán cuí ar an dul chun cinn agus go bhfeabhsófar comhordú leis na Ballstáit agus leis na húdaráis ábhartha. Chomh maith leis an gcroíghréasán, cuirfidh mé romham freisin a áirithiú go ndéanfaimid dul chun cinn ar an gcroíghréasán leathnaithe agus ar an ngréasán cuimsitheach ionas nach bhfágfar aon réigiún ar lár. Tá sé sin ríthábhachtach ní hamháin chun feabhas a chur ar an gcomhtháthú críochach agus sóisialta san Aontas, ach chun ár Margadh Aonair a neartú freisin.

Le Rialachán TEN-T athbhreithnithe, cuireadh lenár gconairí iompair chomh fada leis an Úcráin agus leis an Moldóiv sa chaoi gur réitíodh an bealach do nascacht fhadtéarmach an dá thír leis an Aontas. Ag an am céanna, tá ár ngréasán iompair leathnaithe anois chuig na Balcáin Thiar, rud a bheidh ina chuidiú dlús a chur le comhtháthú an réigiúin inár margadh iompair Eorpach. Is é an tosaíocht a bheidh agam na pleananna sin a chur i gcrích ar an leibhéal réigiúnach. Ag an am céanna, geallaim go leanfaidh mé den obair ríthábhachtach ar na Lánaí Dlúthpháirtíochta chun bealaí lóistíochta malartacha dea-fheidhmiúla a chur ar fáil idir an tAontas agus an Úcráin (agus an Mholdóiv) trí uiscebhealaí intíre, bóithre agus iarnróid.

Beidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha chun gréasán TEN-T a thabhairt chun críche: meastar go mbeidh infheistíochtaí dar luach thart ar EUR 515 bhilliún ag teastáil ón gcroíghréasán amháin. Beidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair ina chuidiú i leith dul chun cinn a dhéanamh maidir le príomhnaisc thrasteorann a dhúnadh agus dlús a chur le téarnamh iarphaindéimeach an Aontais. Beidh mé ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun a áirithiú go léireofar sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile na dúshláin atá roimh earnáil an iompair, go háirithe na naisc thrasteorann, na naisc atá in easnamh chun soghluaisteacht mhíleata a éascú, ionas gur féidir trúpaí agus trealamh a aistriú ar scála mór.

Ag an am céanna, leanfaidh mé den idirphlé leis na Ballstáit agus leis na húdaráis áitiúla chun a áirithiú go léireoidh siad go hiomlán ár gcuspóirí comhaontaithe ina mbuiséid agus ina bpleananna infheistíochta féin. Ní mór dúinn freisin féachaint ar dheiseanna maoiniúcháin lasmuigh den earnáil phoiblí agus, dá bhrí sin, rachaidh mé i mbun foinsí nuálacha cistiúcháin a fhorbairt agus, i measc nithe eile, trí chur leis an an méid atá déanta cheana agus a raibh rath air a bhaineann le deontais a chumasc le hiasachtaí faoin tSaoráid Bonneagair Breoslaí Malartacha.

Rachaidh mé i dteagmháil go háirithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chun a áirithiú go léireoidh a straitéisí iasachtaithe na riachtanais bheartais is práinní. Is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh freisin ar an gcaoi ar féidir infheistíocht fhadtéarmach a mhealladh as gníomhairí agus cistí príobháideacha leis an bpíblíne tionscadal atá an-láidir agus aibí agus a eascraíonn as na Conairí Iompair Eorpacha. Agus an meall is mó ar deireadh, beidh mé ag tathant ar na Ballstáit an t-am a ghiorrú is gá chun ceadanna a fháil, agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le rannpháirtíocht comhpháirtithe príobháideacha a laghdú.

*7. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat earnáil turasóireachta athléimneach, inbhuanaithe agus iomaíoch a chur chun cinn, i gcomhréir le Clár Oibre AE 2030 don Turasóireacht agus Dearbhú Palma 2023, agus fás eacnamaíoch agus bainistiú níos fearr ar shreafaí turasóireachta á n-áirithiú ag an am céanna i gcomhréir le riachtanais na bpobal áitiúil? Roimh na caibidlíochtaí ar an gcéad CAI eile, an dtabharfá gealltanas go n-áiteofá go gcomhlíonfar an iarraidh ó Choiste TRAN atá ann go fada, is é sin go mbeadh líne bhuiséadach ar leith ann don turasóireacht?*

I dtosach, is mór an onóir dom é, má dheimhnítear m'ainmniúchán, a bheith i mo Choimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht. Tá sé ar intinn agam fíorshubstaint a thabhairt don chinneadh seo ón Uachtarán von der Leyen ionas go n-aistreofar é ina bheartas Eorpach lánfheidhme.

Cuireann an turasóireacht inbhuanaithe borradh faoi gheilleagar na hEorpa agus spreagann sí pobail réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa. Is bríomhar an t-éiceachóras tionsclaíoch í agus déanann sí ionadaíocht do níos mó ná 3 mhilliún FBM. Tugann an earnáil luach freisin dár n-oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha chomhroinnte agus rannchuidíonn sí le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta na réigiún, lena n-áirítear na réigiúin sin atá níos iargúlta nó faoi mhíbhuntáiste. Mar sin féin, tá an turasóireacht thar a bheith comhchruinnithe i réigiúin shonracha agus tá roinnt dúshláin eile roimh an turasóireacht, idir an t-athrú aeráide agus ganntanas lucht saothair, dhá fhadhb atá coitianta san earnáil iompair. Creidim nach mór don Aontas a stádas a choinneáil mar an ceann scríbe turasóireachta is mó ar domhan, agus an turasóireacht a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos cothroime agus folláine na bpobal áitiúil á caomhnú ag an am céanna.

Táim tiomanta earnáil turasóireachta athléimneach, inbhuanaithe agus iomaíoch a chur chun cinn, mar a chomhaontaigh na Ballstáit faoi Chlár Oibre AE 2030 don Turasóireacht. Cé gur léir cén treo nach mór dúinne dul, agus gníomhaíochtaí, spriocanna agus freagrachtaí comhaontaithe againn, creidim gur gá dúinn leas níos fearr a bhaint as na sineirgí atá ann i mbeartais éagsúla de chuid an Aontais, agus go háirithe maidir le hiompar, chun tacú leis an turasóireacht agus chun í a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé straitéis i láthair, tar éis dom dul i gcomhairle go forleathan leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, chun dlús a chur le cur chun feidhme an chláir oibre sin agus chun an cás gnó ar son turasóireacht athléimneach agus iomaíoch a chur chun cinn. Cuideoidh mé le tionscal na turasóireachta an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus samhlacha gnó nua atá níos glaise a chur i bhfeidhm. Spreagfaidh mé gnólachtaí agus go háirithe FBManna le scéimeanna agus lipéid inbhuanaitheachta atá aitheanta agus iontaofa a roghnú, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh a bheith níos iomaíche agus iad ag freastal ar an éileamh ar an turasóireacht. Ag an am céanna, cuirfidh mé barr feabhais chun cinn, lena n-áirítear le dámhachtainí leanúnacha do Phríomhchathair na hEorpa agus do Cheannródaí Glas na Turasóireachta Cliste.

Ní mór na hacmhainní is gá a bheith ag na cinn scríbe Eorpacha chun sreafaí turasóireachta a bhainistiú ar bhealach cothrom. Cuirfidh mé romham leanúint de thacaíocht a thabhairt dóibh trí mhalartú éifeachtach eolais, trí phiarfhoghlaim agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt atá dírithe, go háirithe, ar an mbrú ar áiteanna móra turasóireachta a laghdú, ar bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm, ar fheasacht a mhúscailt maidir le hiompar freagrach turasóireachta, agus ar phobail óstacha a bheith rannpháirteach samhlacha turasóireachta inbhuanaithe a chruthú agus a chur chun feidhme. I nDearbhú Palma 2023 ón gComhairle leagadh béim ar inbhuanaitheacht shóisialta na turasóireachta mar phríomhábhar. Is gné lárnach é freisin sa chonair aistrithe don turasóireacht. Leanfaidh mé de thacaíocht a thabhairt do chinn scríbe agus iad ag ullmhú d' aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

Beidh ról tábhachtach ag sonraí freisin maidir lena áirithiú go mbainisteofar sreafaí turasóireachta ar an mbealach is fearr is féidir ó thaobh cinn scríbe de. I ndáil leis sin, tá spás sonraí le haghaidh na turasóireachta á chur ar bun ag an gCoimisiún a chuirfidh ar a gcumas do ghníomhaithe turasóireachta, lena n-áirítear cinn scríbe, cinntí níos cruinne agus níos eolaí a dhéanamh.

Sa lá atá inniu ann, tugtar tacaíocht an Aontais don turasóireacht le cláir chistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais. Agus an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile á ullmhú, beidh deis ann buiséad an Aontais a dhéanamh níos

simplí, níos dírithe agus níos freagrúla. Oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí ar na gnéithe sin.

Ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh freisin chun cur le feasacht ghníomhaithe an éiceachórais turasóireachta faoi na deiseanna cistiúcháin atá ann, go háirithe do FBManna. Cuirfidh mé leis an obair leanúnach chun a áirithiú go mbeidh sé níos éasca dár ngnólachtaí turasóireachta agus dár n-ionaid chultúrtha deiseanna cistiúcháin a fháil – ar an leibhéal Eorpach, agus ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach freisin.

<u>Ceist ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia</u>

*8. Is ionann astaíochtaí ón earnáil iompair agus beagnach aon cheathrú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais; is í an t-aon earnáil mhór den gheilleagar í inar tháinig méadú ar astaíochtaí ar leibhéal an Aontais ó 1990 i leith. Dá bhrí sin, tá iarrachtaí breise ríthábhachtach chun a áirithiú go rannchuideoidh gach cuid den earnáil leis an dícharbónú agus go mbeidh an creat ceart aici. Is iomaí dúshlán a bhaineann leis na hathruithe claochlaitheacha atá ag teastáil, amhail dúshláin a bhaineann le méid iompair atá ag méadú ar an mbonneagar, le méadú na mbreoslaí malartacha inbhuanaithe agus le spreagadh monaraíochta ceallraí. Cad iad na coinníollacha cumasúcháin feabhsaithe, na céimeanna sonracha, na tráthchláir agus na hionstraimí dlíthiúla a chuirfidh tú chun cinn ionas go gcuirfidh beartais iompair inbhuanaithe leis an bhfás eacnamaíoch, le slándáil post agus leis an iomaíochas san Eoraip, agus ag an am céanna a áiritheoidh go mbainfear amach spriocanna 2030 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus go mbeidh an tAontas aeráidneodrach? Conas a chinnteoidh tú - i gcomhar leis an gCoimisinéir ainmnithe um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan - go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le gealltanais idirnáisiúnta mhéadaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda a laghdú sna hearnálacha muirí agus eitlíochta? Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat mar chuid de phlean gníomhaíochta tionsclaíoch an Aontais d'earnáil na ngluaisteán? Cad é cineál dlíthiúil an togra a fógraíodh maidir le flíteanna corparáideacha glana agus cén t-uainiú a bheidh i gceist leis?*

Ní féidir a shéanadh gur gá earnáil iompair an Aontais a athrú ó bhonn ar mhaithe le todhchaí aeráidneodrach. Cuirfidh mé na hiarrachtaí a dhéanfaidh mé in iúl mar aon leis na cuspóirí atá leagtha amach cheana féin sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus atá bunaithe ar an reachtaíocht a comhaontaíodh go dtí seo. Ar bhonn níos mionsonraithe, díreoidh mé ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a chur in úsáid go tapa, a áirithiú go mbeidh breoslaí agus teicneolaíochtaí iompair inbhuanaithe ar fáil agus inacmhainne araon, ar mhaoirseacht a dhéanamh ar an mbonneagar a leathadh amach go tapa, agus ar an ngníomhaíocht iompair a mhéadú le modhanna iompair níos inbhuanaithe. Ní hamháin gur riachtanas comhshaoil é an t-athrú ó bhonn sin, dar liom. Is deis eacnamaíoch don Eoraip é freisin. Trí bheith chun tosaigh san aistriú domhanda chuig iompar inbhuanaithe, is féidir leis an Aontas a áit ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht theicneolaíoch a neartú. Leis an gceannaireacht sin freisin daingneofar an seasamh iomaíoch, spreagfar fás, agus neartófar fostaíocht san Eoraip.

Den chuid is mó, is tríd an bpacáiste 'Oiriúnach do 55', leis an bpacáiste maidir le Soghluaisteacht Éifeachtúil agus Ghlas, agus leis an bpacáiste maidir le hIompar Lasta a Ghlasú a bunaíodh an creat rialála maidir le laghduithe astaíochtaí na hearnála cheana féin. Ní mór dúinn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair anois. Dá bhrí sin, is é an chéad chúram a mbeidh mé dírithe air, oibriú leis na comhreachtóirí chun teacht ar chomhaontú maidir leis na tograí nár thángthas ar chomhaontú fós ina leith, lena n-áirítear príomhthionscnaimh chun feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a dhreasú, feabhas a chur ar úsáid bonneagair iarnróid, oibríochtaí iompair idirmhódúil a chur chun cinn, agus creat a bhunú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile. Áiritheoidh mé freisin go ndéanfar na hionstraimí go léir a bunaíodh leis na pacáistí sin a chur chun feidhme go tapa agus go héifeachtach.

Má bhíonn coinníollacha cumasúcháin ríthábhachtacha i bhfeidhm roimh ré, éireoidh go geal le hiarrachtaí an Aontais. Ní mór don Aontas a bhonneagar iompair a fheabhsú agus féachaint chuige go seasfaidh sé an aimsir, a Mhargadh Aonair don iompar a neartú a thuilleadh, infheistíocht a éascú, teicneolaíochtaí, mar atá ceallraí níos éifeachtúla agus gléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, agus éifeachtúlacht sa chóras iompair a mhéadú trí réitigh dhigiteacha. Réimse ríthábhachtach oibre is ea rochtain ar leictreachas atá i bhfad níos in-athnuaite agus ar bhreoslaí inbhuanaithe inacmhainne a áirithiú. Oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht chun a áirithiú go ndéanfaimid earnáil an iompair a ailíniú le forbairt an bhonneagair fuinnimh a theastaíonn chun freastal ar an méadú a thiocfaidh amach anseo ar an éileamh ar leictreachas iompair, lena n-áirítear le haghaidh feithiclí tromshaothair. Ag an am céanna, oibreoidh mé chun dlús a chur le táirgeadh agus le dáileadh breoslaí iompair in-athnuaite agus ísealcharbóin, a bhfuil gá leo go háirithe sa deighleog eitlíochta agus sa deighleog iompair mhuirí ar deacair a gcuid astaíochtaí a mhaolú.

Ní mór dúinn tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun ár spriocanna comhshaoil a thabhairt le chéile go héifeachtach le riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha an iompair, go háirithe le nascacht agus le hinacmhainneacht. Ní mór dúinn freisin na hionstraimí uile atá ar fáil a úsáid chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht mhaith do rathúnas agus neart tionsclaíoch na hEorpa. Is tosaíochtaí i mo chuid oibre iad sin go léir, i gcomhréir leis an misean a chuir an tUachtarán toghaí Ursula von der Leyen de chúram orm.

Gné chriticiúil eile is ea tuilleadh roghanna iompair inbhuanaithe a bheith ar fáil agus cur le cáilíocht na roghanna sin. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh mé d'iarnróid a chur chun cinn – le haghaidh iompar paisinéirí agus lasta araon. Áireofar leis sin plean uaillmhianach príomhchathracha agus cathracha móra an Aontais a nascadh le chéile le hiarnróid ardluais agus togra le haghaidh Rialachán maidir le Córas Aonair le haghaidh Áirithintí Digiteacha agus Ticéid Dhigiteacha lena gcomhlánófar agus lena bhfeabhsófar na hoibleagáidí atá ann cheana sa réimse sin, agus tá sé beartaithe agam an plean agus an togra sin a chur ar aghaidh go luath le linn mo théarma sainordaithe (féach na freagraí a thug mé ar Cheist 2). Cuideoidh mé freisin leis na reachtóirí teacht ar chomhaontú uaillmhianach maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán i ndáil le hacmhainneacht bonneagair iarnróid a úsáid.

Ós rud é go bhfuil gné láidir idirnáisiúnta san iompar, is léir nach féidir leis an Aontas gníomhú ina aonar agus nár cheart dó gníomhú ina aonar ach oiread. Ní hamháin go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun an téamh domhanda a theorannú go héifeachtach i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras, ach tá sé ríthábhachtach freisin chun cothrom iomaíochta a áirithiú dár ngnólachtaí. Ní mór dúinn ceannaireacht an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide a choinneáil. Oibreoidh mé i gcomhar iomlán leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-Nialasacht agus Fás Glan chun a áirithiú go mbeidh an tAontas ag gníomhú ar bhonn aontaithe agus go mbeidh sé chun tosaigh ina chuid iarrachtaí domhanda chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain a laghdú, go háirithe maidir le hiompar eitlíochta agus muirí.

Maidir leis an eitlíocht, faoi choimirce na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), cuireann Sprioc Fhadtéarmach an Ghlan-nialais don Eitlíocht agus an Creat Domhanda um Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe, Breoslaí Eitlíochta Ísealcharbóin agus Fuinneamh Níos Glaine Eitlíochta eile compás agus bonn láidir ar fáil dár n-iarrachtaí domhanda leanúnacha. Beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh éifeacht leis an gcreat a comhaontófar. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé chun rialacha agus cur chun feidhme na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a neartú d'fhonn a áirithiú go mbainfear tairbhe cheart as an scéim ar leibhéal domhanda ó thaobh na haeráide de. Áireofar leis sin measúnú lena fháil amach an bhfuil an scéim ag teacht go leordhóthanach le spriocanna Chomhaontú Pháras. Ag an am céanna, déanfaidh mé mo sheacht ndícheall, agus sinn ag obair i gcomhar le tríú tíortha agus faoi chuimsiú ICAO, tacú le beartais agus tionscadail maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a fhorbairt, ag tagairt don taithí cheannródaíoch a fuarthas ón Rialachán 'ReFuelEU Aviation' agus ó chláir chúnaimh agus chomhair lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear an Tairseach Dhomhanda.

A mhéid a bhaineann leis an muiriompar, bliain ríthábhachtach a bheidh in 2025 le haghaidh iarrachtaí domhanda chun an t-athrú aeráide a mhaolú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tabharfaidh mé aird ar a áirithiú go gcomhaontóidh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) bearta uaillmhianacha meántéarmacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Is é an sprioc a bheidh leis seo a áirithiú gur féidir leis na bearta a chomhaontaítear borradh a chur faoi chur in úsáid breoslaí astaíochtaí nialasacha sa loingseoireacht, laghdú seasta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil a bhaint amach, agus a áirithiú go gcuirfear riachtanais na dtíortha atá i mbéal forbartha san áireamh sa chreat. Ag an am céanna, féachfaidh mé chuige na bearta gearrthéarmacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a neartú agus tacóidh mé le tionscadail arb é is aidhm dóibh an difríocht sa phraghas idir breoslaí astaíochtaí nialasacha agus gnáthbhreoslaí ar fud an domhain a laghdú.

Is deis é claochlú domhanda na hearnála iompair do churaidh thionsclaíocha na hEorpa – faoi láthair agus amach anseo. Is amhlaidh is fíor sin go háirithe i gcás thionscal gluaisteán na hEorpa. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus forbróidh mé plean gníomhaíochta tionsclaíoch d'earnáil na ngluaisteán chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith ina cheannaire domhanda agus go gcoinneoidh sé bonn táirgeachta láidir Eorpach ar bun. Beidh gá le gníomhaíocht ar fud an tslabhra luacha: idir amhábhair chriticiúla agus bonneagar luchtaithe. Ní mór dúinn a áirithiú gur féidir leis an Aontas a bheith ag brath ar an mbonneagar is gá, le haghaidh athbhreoslú agus athluchtú araon, agus gur féidir leis leas iomlán a bhaint as uathoibriú agus as sonraí. Is léir cé hiad spriocanna deiridh na mbeart is gá dúinn a dhéanamh: ár dtionscal agus ár saoránaigh a chosaint, ár spleáchas agus ár leochaileachtaí a laghdú, agus an earnáil a chur ar an mbealach ceart chun na cuspóirí a bhaint amach maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach araon. Ní mór cuspóirí den chineál céanna a bhaint amach don aerloingseoireacht, don iarnród, don

tionscal longthógála agus don tionscal muirí. Oibreoidh mé le comhaltaí ábhartha uile Choláiste na gCoimisinéirí chun é sin a bhaint amach mar chuid den Chomhaontú maidir leis an Tionsclaíocht Ghlan.

Chun claochlú inbhuanaithe a bhaint amach, ní hamháin go mbeidh gá le gníomhaíocht chun tacú lenár mbonn tionsclaíoch. Beidh gá le gníomhaíocht freisin chun go mbeidh an tsoghluaisteacht inbhuanaithe ina rogha inacmhainne agus inrochtana do gach saoránach. I ndáil leis sin, tacóidh mé le cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir agus an Chiste Aeráide Shóisialta agus ullmhóidh mé treoraíocht maidir le bochtaineacht iompair. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé leis na Coimisinéirí eile, leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa chun dreasachtaí iomchuí a chur chun cinn do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí d’fhonn feithiclí leictreacha Eorpacha a cheannach. I gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, forbróidh mé tograí le haghaidh flíteanna corparáideacha ghlana chun an t-éileamh a spreagadh.